

- 1 Is í Éire an t-aon Bhallstát amháin a mbeidh a saoránaigh ag caitheamh vóta ar
2 son nó in aghaidh an chonartha leasaithe is deireanaí – Conradh Liospóin – agus
3 cheana féin, tá an chosúlacht ar an scéal go ndéanfar gach iarracht aon
4 díospóireacht stuama faoi a chur faoi chois.
- 5 Leagan úr - níl ach mionathruithe déanta air - is ea an conradh seo de Bhunreacht
6 na hEorpa a aontaíodh in 2004, ach ar thug dhá cheann de Bhallstáit bhunaithe an
7 Aontais Eorpaigh, an Fhrainc agus an Ísiltír, eiteachas dó an bhliain dar gcionn.
8 Má tharlaíonn a mhacasamhail in Éirinn i mbliana, beidh an Bunreacht agus
9 ollstát na hEorpa chomh marbh le hArt.
- 10 Masla do chumas phobal na hÉireann cinneadh siosmaideach a dhéanamh, ab ea
11 an tuairim a nochtadh ar na mallaibh gur staicín áiféise a bheadh ionainn san
12 Eoraip dá mba rud é nár ghlac muid le Conradh Liospóin. Déanann a leithéid de
13 mhaistíneacht beag is fiú den inní atá ar dhaoine áirithe faoin luas lasrach –
14 seachas éabhlóid nádúrtha a bheadh bunaithe ar mhianta phobal na mBallstát – atá
15 faoin Aontas Eorpach le scór bliain anuas. Níl aon amhras ach go bhfuil sciar den
16 phobal buartha faoina thuilleadh flaithiúnais a ghéilleadh don Eoraip le go
17 mbunófaí “ollstát” a bheadh in ann droim láimhe a thabhairt do chinntí a ghlacann
18 Tithe an Oireachtais. Ní gá gur vóta i gcoinne na hEorpa a bheadh i gceist dá
19 ndiúltófaí don chonradh sa reifreann atá ag teacht chun cinn, mar sin, ach diúltú a
20 bheadh ann do ghnéithe áirithe d’fhorbairt an Aontais.
- 21 Cáipéis théagartha is ea Conradh Liospóin, a dhéanfaidh athruithe suntasacha ar
22 chumhachtaí agus ar mhodh oibre chóras polaitiúil an Aontais Eorpaigh. Ach, is é
23 an t-adhmad is mó atá le baint as Conradh Liospóin ná go mbunófar ollstát
24 feidearálach a bhfuil bunús bunreachtúil faoi – nó “Stáit Aontaithe na hEorpa”,
25 mar a thugtar air go coitianta – agus gur saoránaigh an Aontais a bheas ionainn
26 uilig feasta. I mbeagán focal, aistreofar go leor de chumhachtaí pharlaimintí na
27 mBallstát chuig institiúidí na hEorpa.
- 28 Is éard atá i gceist leis seo ná iarracht ar chaoi sheolta éifeachtach a chur ar
29 chumas an Aontais mhéadaithe teacht ar chinntí. Maítear go bhfuil gá lena leithéid
30 mar thoradh ar an Aontas Eorpach a bheith méadaithe as cuimse le dornán blianta
31 anuas – tá 27 mBallstát ann faoi láthair.
- 32 Ar an mbonn seo, is beag difear idir é agus an Bunreacht a thug an Ísiltír agus an
33 Fhrainc droim láimhe dó in 2005. Tá a leithéid admhaithe a bheag nó a mhór, ag
34 údar an Bhunreacht, Giscard d’Estaing. Chan ionann agus Conradh Nice,
35 measadh go mbeadh sé “mí-dhaonlathach” iarraidh ar phobail na dtíortha a
36 dhiúltaigh don Bhunreacht vótáil an athuair, agus dá bharr sin, is faoi na
37 parlaimintí náisiúnta a bheas sé an conradh úr a dhaingniú. Thiocfadh leat a rá,
38 mar sin, gur leagan slítheánta den Bhunreacht é Conradh Liospóin, agus táthar ann
39 a deir gur faoi thoghlach na hÉireann atá sé diúltú do rud nach bhfuil aon ionchur
40 ag cosmhuintir na mBallstát ann.
- 41 Léirigh pobalbhreith a rinne MRBI TNS ar son *The Irish Times* i mí na Samhna
42 nach raibh rún ach ag an gceathrú cuid de thoghlach na tíre seo vóta a chaitheamh
43 lá an reifrinn. Dúirt 62 faoin gcéad den phobal nach raibh aon chinneadh déanta
44 acu go fóill ina leith. Is léir, mar sin, go bhfuil bearna eolais le líonadh ag an
45 rialtas más mian leo a chinntiú go ndaingneofar Conradh Liospóin.